

Ranganna Nua Uathachais i nGaelscoil na Déise



Eochairfhocail: uathachas, clós súgartha, riachtannas, go háirithe

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, caint.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

- 1.Cé mhéad rang nua uathachais a osclaíodh le déanaí?
- 2.Céard is maith leis na páistí sna ranganna uathachais dar le múinteoir Chantelle?
- 3.Cé atá ag obair agus ag cabhrú leis na páistí sna ranganna uathachais?
- 4.Cad is féidir leis na daltaí a dhéanamh sna ranganna?



Anois leis an duine in aice leat
an féidir leat labhairt faoin méid atá ar eolas
agat maidir le huathachas?



- An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhfuil uathachas air nó uirthi?
- An bhfuil uathachas ar aon duine gaolta leat?
- An bhfuil rang uathachais i do scoil? Déan cur síos air má tá!
- An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi na rudaí a thaitníonn le daoine a bhfuil uathachas orthu?
- Céard iad na bealaí éagsúla ar féidir le daoine a bhfuil uathachas orthu cumarsáid a dhéanamh?
- An bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a fhoghlaim faoin uathachas?



An féidir leat postaer a tharraingt chun fáilte a
chur roimh dhaoine a rachaidh isteach sna
ranganna nua uathachais i nGaelscoil na Déise?

A large, empty rectangular box with a thick black border, occupying the central portion of the page. It is intended for a student to draw or write their answer to the question above.

Freagraí



1. 2 rang
2. Na hamhráin Ghaeilge
3. A lán daoine fásta
4. Súgradh agus foghlaim ag an am céanna

